De bharr Alt 26 den Acht um Rialáil Eitlíochta caithfidh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta gach gnáthchuntas cuí ar gach airgead faighte nó caite aige, lena n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe a choimeád i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Fiontar Poiblí le comhaontú an Aire Airgeadais. Caithfidh an Coimisiún chomh maith na cuntais sin a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le hiniúchadh agus nuair a bheidh na cuntais sin iniúchta amhlaidh, caithfear iad a chur faoi bhráid an Aire Iompair agus an tuarascáil maidir leo freisin.

William Prasifka
An Coimisinéir

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Ráiteas maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin

Ceanglaíonn Alt 26(a) den Acht um Rialáil Eitlíochta 2001 go n-ullmhóidh an Coimisiún ráitis airgeadais i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Iompair le comhaontú an Aire Airgeadais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an gCoimisiún:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbonn ghnóthais leantach, mura mbeidh an bonn sin míchuí
- aon neamhchomhlíonadh sna caighdeáin chuntasaíochta infheidhme a dhiúscairt agus a mhíniú

Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a insíonn le cruinneas réasúnach tráth ar bith suíomh airgeadais an Choimisiúin agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonfaidh na ráitis airgeadais Alt 26 den Acht. Tá an Coimisiún freagrach chomh maith as a shócmhainní a chosaint agus as bearta cuí a ghlacadh chun calaois agus aon neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aireachtáil.

William Prasifka
An Coimisinéir

AN COIMISIÚN UM RIALÁIL EITLÍOCHTA

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Tá na ráitis airgeadais ar leathanaigh 6 go dtí 15 iniúchta agam faoi Alt 26 (b) den Acht um Rialáil Eitlíochta, 2001.

Freagrachtaí Chomhalta an Choimisiúin agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá freagrachtaí cuntasáíochta Chomhalta an Choimisiúin leagtha amach ar leathanach 3. Tá sé d'fhreagracht ormsa tuairim neamhspleách a dhéanamh, bunaithe ar m'iniúchadh, i leith na ráiteas airgeadais a cuireadh i mo láthair agus tuarascáil a fhoilsiú orthu.

Scrúdaím an ráiteas ar leathanach 5 ar an gcóras um rialú inmheánach airgeadais le féachaint an léiritheann gur chomhlíon an Coimisiún treoir infheidhmithe maidir le rialachas corparáideach agus tuairiscim ar aon chás ábhartha nach ndéanann an Coimisiún amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtagann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán iniúcháireachta arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit.

Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus leis an méid a fhoilsítear sna ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasáíochta don bhail atá ar chúrsaí an Choimisiúin, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an gCoimisiún agus go dtugann na ráitis airgeadais, a chomhaontaíonn leo, léargas fíorcheart ar staid chúrsaí an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta ag 31 Nollaig 2003 agus ar a ioncam agus ar a chaiteachas agus ar a shreabhadh airgid thirim don bhliain dar críoch sin.

Gerard Smyth
Le haghaidh agus thar ceann an
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

13 Iúil 2004

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Ráiteas maidir le Rialú Airgid Inmheánaí

Tá freagracht fhoriomlán ar an gCoimisinéir um Rialáil Eitlíochta as córas an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta a bhaineann le smacht inmheánach airgeadais agus a éifeachtacht a mhaoirsiú. Tá na córais seo deartha chun dearbhú réasúnach nach bhfuil go hiomlán cinnte a sholáthar i gcoinne aon neamhráitis nó cailiteanas.

Chun an fhreagracht seo a urscaoileadh ar bhealach a chinnteoidh go gcomhlíonfar reachtaíocht agus rialacháin, tá struchtúr eagraíochtúil bunaithe ag an gCoimisinéir le línte freagrachta, teorainneacha údaraithe, leithscaradh dualgas, údarás tarmilgthe agus nósanna imeachta soiléire oibríocháin agus tuairiscithe

Tá creatlach láidir smachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún, a chlúdaíonn gach réimse den smacht. Áirítear iad seo a leanas ar an gcóras inmheánach smachta:

- Struchtúr eagraíochtúil sainithe go soiléir, le teorainneacha údaráis sainithe agus meicníochtaí tuairiscithe do leibhéal níos airde bainistíochta agus don Choimisinéir, a thugann tacaíocht do thimpeallach láidir smachta a chothabháil;
- córais chuimsitheacha bhuiséadaithe le buiséad bliantúil ceadaithe ag an gCoimisinéir;
- Córas cuimsitheach tuairiscithe a chlúdaíonn feidhmíocht oibríochtúil agus airgeadais, tarlaíonn sé ar bhun tráthúil agus rialta agus tá sé dírithe ar a chinntiú go scrúdaítear éagsúlachtaí sa bhuiséad agus go ndéantar iad a réiteach go sciobtha;
- Sraith chuimsitheach beartas agus nósanna imeachta a bhaineann le smachta airgeadais agus oibríochtúla.

Cé nach dearnadh an t-athbhreithniú foirmiúil ar smachta inmheánacha airgeadais in 2003, tá sé beartaithe athbhreithniú den sórt sin a dhéanamh i ndáil le 2004. Tá Deloitte and Touche ceaptha ag an gCoimisiún mar a iniúchóirí inmheánacha agus déanfar athbhreithniú ar chóras na smacht inmheánach airgeadais in 2004.

William Prasifka
An Coimisinéir

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Ráiteas maidir le Beartais Chuntasáochta

1. Bunús na gCuntas

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoin modh fabhráithe cuntasáochta, seachas mar a luaitear thíos agus de réir na bprionsabal cuntasáochta a nglactar go ginearálta leo faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil. Tá Caighdeán Tuairscithe Airgeadais aitheanta ag na comhlachtaí cuntasáochta glactha de réir mar a thosaíonn siad ag feidhmiú. Is é an t-aonad airgeadais ina n-ullmhaítear na Ráitis Airgeadais ná an euro.

2. Aitheantas Ioncaim

Cuirtear ioncam tobhaigh Eitlíochta i gcuntas sa tréimhse lena mbaineann sé.

Cuirtear ioncam ó tháille cheadúnais ar oibreoírí trádála taistil i gcuntas sa bhliain a eisíodh an ceadúnas.

3. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta ag costas lúide dímheas carntha. Déantar dímheas a ríomh chun costas sócmhainní seasta a dhíscríobh ar bhonn mhéid chothrom thar na saolréanna úsáideacha measta ag na rátaí seo a leanas:

Trosacán agus Feistis	20%	sa bhliain
Trealamh Oifige	10%	sa bhliain
Trealamh Ríomhaireachta	20%	sa bhliain

4. Bannaí don Trádáil Taistil agus Ciste Cosanta na dTaistealaithe

Aistríodh an fhreagracht as ceadúnais a riaradh do ghníomhairí taistil agus oibreoírí turais de réir an tAcht Iompair (Oibreoírí Turais agus Gníomhairí Taistil) 1982 arna leasú ón Roinn Fiontar Poiblí go dtí an Coimisiún nuair a bunaíodh é an 27 Feabhra 2001.

Coimeádtar suimeanna a lóisteálann gníomhairí taistil agus oibreoírí turais mar bhannaí mar a cheanglaítear faoi Alt 13 den Acht i gcuntais bhainc ar leithligh faoi smacht an Choimisiúin. Déanann an Coimisiún íocaíochtaí mar gheall ar éilimh a dhéantar ar bhannaí de réir mar a eascraíonn siad. Comhairtear iarmhéideanna ar chuntais bhannaí nach bhfuil caite an 31 Nollaig 2003 mar chreidiúnaithe.

Bunaíodh an Ciste Cosanta do Thaistealaithe faoi Alt 15 den Acht Iompair (Oibreoírí Turais agus Gníomhairí Taistil) 1982 chun aon easnamh sna bannaí taistil chun cailteanas nó dliteanas tabhaithe ag custaiméirí ghníomhairí taistil agus oibreoírí turais a íoc. Coimeádtar cuid d'airgead an Chiste i gcuntas infheistíochta bainistithe agus rialaithe ag an Aire Airgeadais agus cuid de i gcuntas reatha bainistithe agus rialaithe ag an gCoimisiún. Caitear leis an iarmhéid ar an gcuntas deiridh mar chreidiúnáí sna ráitis airgeadais seo.

Déanann an Coimisiún na cuntais bhannaí agus an Ciste a riaradh agus aisíoctar a chostais ó na bannaí nó an Ciste faoi théarmaí an Achta. Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leithligh do na cuntais bhannaí agus don Chiste Cosanta Taistealaithe agus iniúchann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ar leithligh iad.

5. Aoisliúntas

Oibríonn an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta scéim pinsin lánmhaoinithe ranníocach faoi Ailt 20 agus 21 den Acht um Rialáil Eitlíochta 2001. Tá ranníocaíochtaí bliantúla bunaithe ar chomhairle achtúireach agus gearrtar iad ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain lena mbaineann siad.

6. Cuntas Caipitil

Léiríonn an cuntas Caipitil luach neamhamúchta an ioncaim a úsáidtear chun críche caipitil.

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Cuntas Ioncaim & Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2003

	<i>Nótaí</i>	2003 €	2002 €
Ioncam			
Admhálacha Tobhaigh	2	5,170,564	3,266,404
Táillí Ceadúnais	2	445,196	444,242
Eile		21,191	241,229
Ioncam Comhlán		5,636,951	3,951,875
Aistriú (chuig) / ó Chuntas Caipitil	9	(13,126)	(36,387)
Ioncam Glan		5,623,825	3,915,488
Caiteachas			
Tuarastail	3	1,215,224	778,542
Sainchomhairleoireacht		428,782	129,470
Táillí Dlíthiúla		1,413,076	2,059,381
Fógraíocht & Caidreamh Poiblí		24,566	62,580
Taisteal & Cothabháil		17,993	11,490
Oiliúint		50,806	28,774
Táille Iniúchta		8,000	7,300
Cothabháil Gréasáin		29,508	8,704
Cíos		272,910	156,479
Leictreachas		6,128	4,358
Cothabháil Oifige		10,035	130,223
Árachas		117,772	74,887
Ús iníochta leis an Roinn Fiontar Poiblí mar gheall ar réamhíocaíochtaí		-	79,770
Staiseanóireacht Oifige		24,232	22,889
Postas & Carraeireacht		3,964	3,535
Guthán		20,728	18,439
Comhordú Sliotáin		202,924	165,528
Dímheas		16,026	16,145
Táille Sheirbhíse		34,782	17,690
Rátaí		26,294	12,312
Eile		34,087	100,646
		3,957,837	3,889,143
Barrachas/(Easnamh) Oibriúcháin		1,665,988	26,345
larmhéid amhail an 1 Eanáir 2003		9,081	-17,264
Barrachas Oibriúcháin na bliana		1,665,988	26,345
larmhéid amhail an 31 Nollaig 2003		1,675,069	9,081

Níl aon ghnóthachtáil ná cailteanas aitheanta seachas iad siúd lena ndéileáil sa Chuntas Ioncaim & Caiteachais. Déanann Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 16 suas cuid de na Ráitis Airgeadais seo.

William Prasifka
An Coimisinéir

Dáta

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta
Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2003

	<i>Nótaí</i>	€	2003 €	€	2002 €
Sócmhainní Seasta					
Sócmhainní Inláimhsithe	4		60,626		47,500
Sócmhainní Reatha					
Cuntais Bhainc	5	16,243,139		10,048,744	
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	6	531,491		187,910	
		16,774,630		10,236,653	
Creidiúnaithe: Méideanna a bheidh dlite laistigh de b					
Cuntais Bhanna Airgid	5	(13,659,836)		-9,189,782	
Creidiúnaithe agus Fabhráithe	7	(1,439,726)		-1,037,790	
Sócmhainní Reatha Glan			1,675,069		9,081
Sócmhainní Glana			1,735,695		56,581
Arna maoiniú ag					
Farasbarr/Easnamh an Chuntais Ioncaim & Caiteacha			1,675,069		9,081
Cuntas Caipítíl	8		60,626		47,500
Caipiteal in úsáid			1,735,695		56,581

Déanann Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 16 suas cuid de na Ráitis Airgeadais

William Prasifka
 An Coimisinéir

Dáta

An Coimisiún um Rialáil Eitlíochta

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2003

	<i>Nótaí</i>	2003 Euro	2002 Euro
Barrachas oibriúcháin a réiteach go glan			
As-sreabhadh/(insreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas/(Easnamh) ar Ioncam agus Caiteachas		1,665,988	26,345
Dímheas		15,667	16,144
Ús Bainc		(23,445)	12
Aistriú (chuig) / ó Chuntas Caipitil		13,126	36,387
(Méadú) / Laghdú ar na Féichiúnaití		(284,931)	2,231,255
Méadú / (Laghdú) ar Réamhíocaíoch		(58,650)	(113,150)
(Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe		565,264	(114,293)
(Laghdú)/Méadú ar Fhabhráithe		(163,329)	103,298
Glan-(as-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		1,729,690	2,185,998
Ráiteas faoi Shreabhadh			
Glan-(as-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		1,729,690	2,185,998
Toradh ar infheistíochtaí			
Ús Bainc		23,445	(12)
Caiteachas caipitil			
Sócmhainní seasta a ch		(28,794)	(52,531)
Maoiniú			
Méadú ar Chuntais Banna Airgid agus Ciste Cosanta Taistealaithe		4,470,054	3,941,702
Acmhainní leachtacha a bhainistiú			
Cistí éarlais a mhéadú		(2,421,147)	
Méadú / (Laghdú) ar Iarmhéid Airgid		3,773,248	6,075,158
Sreabhadh airgid glan a réiteach go gluaiseachtaí sna cistí glana			
Méadú / (Laghdú) ar airgead ar láimh sa tréimhse		3,773,248	6,075,158
Airgead tirim a úsáidtear chun acmhainní leachtacha a mhéadú		2,421,147	
Athrú ar Chistí Glana	11	6,194,395	6,075,158
Cistí Glana a Oscailt		10,048,744	3,973,587
Cistí Glana a Dhúnadh		16,243,139	10,048,744

Déanann Ráiteas maidir le Beartais Chuntasaíochta agus na Nótaí 1 go 16 suas cuid de na Ráitis Airgeadais seo.

William Prasifka
An Coimisinéir

Dáta

1 An Coimisiún a bhunú

Bunaíodh an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta an 27 Feabhra 2001 faoi fhorálacha an tAcht um Rialáil Eitlíochta 2001 (Uimh. 1 de 2001).

Faoin Acht, tá an Coimisiún freagrach as táillí aerfoirt a rialáil agus táillí

seirbhísí eitlíochta críochfoirt, gníomhairí taistil agus oibreoírí turais a cheadúnú in Éirinn agus iomair na hÉireann a cheadú, láimhseoirí ar an talamh a cheadúnú ag aerfoirt na hÉireann agus slíot leithdháilte a cheadúnú.

Maoinítear an Coimisiún ó airgead a fhaightear ó Thobhach bliantúil ar údarás an aerfoirt, soláthróir seirbhísí eitlíochta ag críochfort aerfoirt an Stáit, sealbhóirí ceadaithe chun seirbhísí láimhseála ar an talamh a sholáthar, iompróirí aeir a bhfuil ceadúnas oibriúcháin acu, aerlínte clár: Éirinn agus freisin ó tháillí ceadúnais ó oibreoírí turais agus gníomhairí taistil.

2 Ioncam

Faigheann an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta ioncam ó dhá fhoirse, ioncam ó tháille ceadúnais trá taistil agus ioncam ó thobhach.

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta 2001, tá an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta in ann rialacháin a dhéanamh chun Tobhach a ghearradh.

Is é aidhm an Tobhaigh ná costais agus caiteachais an Choimisiúin a íoc. Do 2003, ghearr an Coimisiún Tobhach mar a leagtar amach anseo.

	2003 €	2002 €
Táillí Ceadúnais:		
Táillí Ceadúnais Gníomhairí Taistil	132,862	142,791
Táillí Ceadúnais Oibreoírí Turais	241,324	241,773
Táillí Deireanacha faighte ó Ghníomhairí & Oibreoírí	70,706	49,435
Leasú ar Tháillí Ceadúnais	304	1,419
Ioncam Eile	-	8,824
	445,196	444,242
Admhálacha Tobhaigh:		
Táillí Aerfoirt	4,792,000	2,961,430
Táillí Seirbhísí Críochfoirt Eitlíochta	95,000	126,880
Comhordú Slíotán	244,000	157,243
Láimhseáil ar an talamh	24,064	10,524
Iompróirí Aeir	15,500	10,327
	5,170,564	3,266,404
	5,615,760	3,710,646

3 Líon Foirne agus costais

Ba é líon na ndaoine fostaithe ag an gCoimisiún i rith na bliana, anailísithe de réir catagóir, ná mar seo a leanas:

	2003	2002
An Coimisinéir	1	1
Riarachán	3	3
Eacnamaíoch/Dlí/Cuntais	4	6
Dlí & Ceadúnas	3	-
Trádáil Taistil	6	6
Iomlán Fostaithe Lánaimseartha ar an Meán	17	16

	2003 €	2002 €
Costais phárolla comhiomlán na ndaoine seo;		
Tuarastail	1,015,060	598,534
ÁSPC – ar fhoireann íochta ag an gCoimisiún	66,948	37,532
ÁSPC & pinsean le híoc leis an Roinn Fiontar Poiblí	74,863	87,406
Costais Phinsin	49,661	55,070
Costas Foireann Gníomhaireachta a Choimeád	8,692	-
	1,215,224	778,542

4 Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh Oifige	Troscán & Feistis	Crua-Earraí TE	Iomlán
<i>Costas</i>				
ag tús na bliana	6,829	7,406	50,778	65,013
Breiseacháin sa bhliain	2,251	8,855	18,902	30,008
Diúscairtí sa bhliain	-	-	(1,214)	(1,214)
Ag deireadh na bliana	9,079	16,262	68,465	93,806
<i>Dímheas Carntha</i>				
ag tús na bliana	1,081	548	15,883	17,512
Táille don bhliain	758	3,131	12,138	16,027
Diúscairtí sa bhliain	-	-	(360)	(360)
Ag deireadh na bliana	1,839	3,680	27,661	33,180
Glanluach na leabhar amhail an 31 Nollaig 2003	7,240	12,582	40,804	60,626
Glanluach na leabhar amhail an 31 Nollaig 2003	5,747	6,858	34,896	47,500

	2003	2002
5 Banc	€	€
Cuntais Bhainc – Cuntais Bhanna Trádála Taistil	13,645,083	9,188,866
Cuntais Bhainc – Ciste Cosanta Taistealaithe	14,753	916
Cuntas Bainc – Cuntas Reatha CAR	162,050	858,962
Cuntas Bainc – Cuntas Taisce CAR	2,421,147	-
Mionairgead	107	-
	16,243,139	10,048,744

	2003	2002
6 Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí	€	€
Féichiúnaithe	299,793	15,877
Féichiúnaithe Eile	3,718	2,703
Réamhíocaíochtaí	227,980	169,330
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2003	531,491	187,910

	2003	2002
7 Creidiúnaithe & Fabhrúithe	€	€
Fabhrúithe – Táillí Comhairleachta	-	24,344
-Athbhreithniú Breithiúnach	690,749	302,000
-Tuarastail iníoctha le Roinn Fiontar Poiblí	-	436,536
-ÁSPC & pinsean le hÍoc leis an Roinn Fiontar Poiblí	-	129,978
-Ús iníoctha leis an Roinn ar réamhíocaíochtaí Airgid	96,413	96,413
- Eile	73,633	33,176
Creidiúnaithe – athshlánú iomarcach Tobhaigh	292,091	-
-An Roinn Iompair	112,394	-
- Táillí Comhairleachta	75,734	-
Coimisinéirí Ioncaim PAYE***/ÁSPC	39,333	-
-CBL na gCoimisinéirí Ioncam	13,951	-
-PSWT*** na gCoimisinéirí Ioncam	12,019	-
- Eile	33,408	15,344
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2003	1,439,726	1,037,790

8 Foráil d'Aisíocaíochtaí Trádála Taistil

In 2004, fuair an Coimisiún amach go raibh na táillí ceadúnais míchearta gearrtha aige ar Ghníomhairí Taistil agus Oibreoirí Turais mar gheall ar earráid riaracháin i ndáil leis an Euro a thabhairt isteach faoin Acht um Athrú go dtí an Euro (Méideanna) 2001. Meastar gur gearradh thart ar €22,500 in iomarca. Aisíocfar an t-airgead seo in 2004 agus tá foráil curtha sna ráitis airgeadais.

	2003	2003	2002	2002
	€	€	€	€
9 Cuntas Caipitil				
Iarmhéid amháil an 31 Nollaig 2002		47,500		11,113
Aistriú (chuig) ó Cuntas Ioncaim agus Caiteachais				
Maoin chun sócmhainní seasta a fháil	28,794		52,531	
Méid amúchta de réir dímheasa sócmhainní	(15,667)	13,126	-16,144	36,387
Iarmhéid amháil an 31 Nollaig 2003		60,626		47,500

10 Pinsin

Feidhmíonn an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta scéim sochair shainithe ranníocaíocht lánmhaoinithe in Éirinn atá maoinithe ag ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus ón gCoimisiún. Rinne achtúire cáilithe neamhspleách luacháil achtúireach ar an 31 Nollaig 2003 chun ceanglais FRS 17 a chur i gcountas. De réir na socrúithe idirthréimhseacha chun FRS17 a thabhairt isteach tugtar an fhaisnéis seo a leanas trí nóta amháin.

Is iad na foshuímh airgeadais ollmhóra a d'úsáid an t-achtúire chun dlíteanas faoi FRS17 a ríomh ná:

	<i>Ag deireadh bliana 12/31/03</i>	<i>Ag deireadh bliana 12/31/02</i>
<i>Ráta méaduithe i dtuarastail</i>	3.05% sa bhliain	3.05% sa bhliain
<i>Ráta méaduithe in íocaíochtaí pinsin</i>	2.05% sa bhliain	2.05% sa bhliain
<i>Ráta Lascaine</i>	5.05% sa bhliain	5.05% sa bhliain
<i>Ráta an bhoilscithe</i>	1.05% sa bhliain	1.05% sa bhliain

Ba iad sócmhainní na Scéime agus an ráta sochair measta ná:

	<i>Ráta sochair fadtréimhseach ag deireadh na bliana 31/12/03</i>	<i>Luach ag deireadh na bliana 31/12/03</i>	<i>Ráta sochair fadtréimhseach ag deireadh na bliana 31/12/02</i>	<i>Luach ag deireadh na bliana 31/12/02</i>
		€		€
Bronntanais	4.55% sa bhliain	150,194	5.30%	78,492
Airgead Tirim	3.05% sa bhliain	11,305	3.55%	3,716
<i>Luach Margaidh Iomlán na Sócmhainní</i>		<u>161,499</u>		<u>82,208</u>
<i>Luach achtúireach dhlíteanas na scéime</i>		<u>(177,626)</u>		<u>(83,191)</u>
<i>Barrachas/(Easnamh) inghnóthaithe sa Scéim</i>		<u>(16,127)</u>		<u>(983)</u>
Dlíteanas Cánach Iarchurtha Gaolmhar		0		0

Dá nglacfaí go hiomlán le FRS 17, léireodh sé seo a leanas an éifeacht ar na Ráitis Airgeadais:

Anailís ar an méid a ghearrfaí ar bharrachas oibriúcháin

	<i>Bliain go 31/12/03</i>
	€
<i>Costas Seirbhíse Reatha</i>	50,185
<i>Ranníocaíocht na bhfostaithe</i>	-30,105
<i>Costais árachais sochair riosca</i>	977
<i>Costas glanseirbhíse reatha</i>	<u>21,057</u>

Anailís ar fháltas glan ar scéim pinsin

	<i>Bliain go 31/12/03</i>
	€
Toradh Ionchais ar shócmhainní scéime pinsin	6,694
Ús ar dhlíteanas scéime pinsin	-4,526
Toradh Glan	<u>2,168</u>

Anailís ar mhéideanna a bheadh aitheanta i ráiteas maidir le gnóthachtaíil agus cailteanas aitheanta iomlána (STRGL)

	<i>Bliain go</i> <i>31/12/03</i> €
<i>Dearbhtoradh líude toradh ionchais ar shócmhainní scéime pinsin</i>	-2,140
<i>Gnóthachtaíil agus cailteanas taithí ar dhliteanas na scéime</i>	-45,644
<i>Athruithe i bhfoshuímh taobh thiar de luach achtúireach dhliteanas na scéime</i>	-
<i>Gnóthachtaíil / (cailteanas) achtúireach aitheanta i STRGL</i>	<u>-47,784</u>

Gluaiseacht i mbarrachas i rith na bliana

	<i>Bliain go</i> <i>31/12/03</i> €
<i>Barrachas sa scéim ag tús na bliana</i>	-983
<i>Gluaiseacht sa bhliain:</i>	
<i>Costas glanseirbhísí reatha</i>	-21,057
<i>Ranníocaíochtaí fostóirí</i>	51,529
<i>Ioncam Airgid eile</i>	2,168
<i>Gnóthachtaíil/(cailteanas) achtúireach</i>	-47,784
<i>Barrachas/(Easnamh) sa scéim ag deireadh na bliana</i>	<u>-16,127</u>

Gnóthachtaíil agus cailteanas – Bliain Airgeadais go 31/12/03

Difríocht idir fáiltas ceart agus measta ar shócmhainní na scéime

	2003 €
<i>Méid</i>	-2,140
<i>Céatadán sócmhainní na scéime</i>	1.30%
<i>Gnóthachtaíil agus cailteanas ar dhliteanas na scéime</i>	
<i>Méid</i>	-45,644
<i>Céatadán de luach achtúireach ar dhliteanas na scéime</i>	-25.70%
<i>Cailteanas achtúireach aitheanta i ráiteas faoi ghnóthachtaíil agus cailteanas aitheanta iom.</i>	
<i>Méid</i>	-47,784
<i>Céatadán de luach achtúireach ar dhliteanas na scéime</i>	-26.90%

Íocadh gach ranníocaíocht sa bhliain de réir rialacha na scéime taobh istigh d'aon lá is fiche ó dheireadh na bliana.

11 Anailís ar Athruithe i gCistí Glana

	Amhail 01 Ean 2003	Sreabhadh Airgid	Amhail 31 Nol 2003
Airgead ar láimh/banc	10,048,744	3,773,248	13,821,992
Cuntas Taisce	-	2,421,147	2,421,147
	<u>10,048,744</u>	<u>6,194,395</u>	<u>16,243,139</u>

12 Leasa an Choimisinéara

Ghlac an Coimisiún le nósanna imeachta de réir treoirlínte eisithe ag an Roinn Airgeadais i ndáil leis an gCoimisinéir leasa a dhiúscairt agus cloíodh leis na nósanna imeachta seo sa bhliain. Ní raibh aon idirbhearta sa bhliain i ndáil le gníomhaíochtaí an Choimisiúin a raibh aon leas tairbheach ag an gCoimisinéir iontu.

13 Ceangaltais – Caipitil agus Eile

Ní raibh aon cheangaltais ag an gCoimisiún, caipitil na eile, ag dáta an chláir chomhardaithe.

14 Barrachas/(Easnamh)

Faoi Alt 23 den Acht um Rialáil Eitlíochta 2001, tá cumhacht ag an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta rialacháin a dhéanamh chun Tobhach a ghearradh. Is é aidhm an Tobhaigh ná costais agus caiteachais an Choimisiúin a íoc. Tugtar aon bharrachas/(easnamh) in aon bhliain amháin chun tosaigh in aghaidh an Tobhaigh an bhliain dar gcion.

15 Athbhreithniú Breithiúnach

Tabhaíodh €1,415,427 i dtáillí dlí agus imeachtaí athbhreithnithe breithiúnach leanúnacha á gcosaint in 2003 (€1,898,095 in 2002). Chuir Aer Rianta Fógra Achomhairc chuig an gCúirt Uachtarach i mí Eanáir 2004 agus tá siad ag lorg go gcuirí an trí chinneadh ón Ard-Chúirt in 2003 (16.01.03, 03.04.03 agus 04.06.03) ar leataobh lena n-áirítear cinneadh na Cúirte costais a bhronnadh ar an gCoimisiún agus na Páirtithe Fógra agus tá siad ag lorg chomh maith Ordú chun go n-íocfaidh an Coimisiún costais Aer Rianta sa ghníomh. Tá athshlánú chostais an Choimisiúin go dtí seo, dá bhrí sin, faoi réir chinneadh na Cúirte Uachtaraí. Ó seoladh an Fógra Achomhairc tá Fógra Achomhairc mar fhreagra air seolta ag an gCoimisiún ag lorg cinneadh na Cúirte maidir le roinnt réamhshaincheistean, an ceann is mó ná nach chóir Aer Rianta a éascú cúiseanna diúltaithe cheana ag an Ard-Chúirt a lorg. Tá 11 Deireadh Fómhair leagtha amach chun rún an Choimisiúin a éisteacht.

16 Ráitis Airgeadais a Cheadú

Bhí na ráitis airgeadais seo ceadaithe ag an gCoimisinéir an 07 Iúil 2004.